



An Bhruiséil, 19 Samhain 2019
(OR. en)

14173/19

JAI 1204
FREMP 167
AG 56
POLGEN 182

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe ST 13622/19 and 14116/19 seo:	
Ábhar:	Conclúidí ón Uachtaránacht - Meastóireacht ar an idirphlé bliantúil faoin smacht reachta

Ag an gcuinniú a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ar an 15 Samhain 2016, comhaontaíodh go ndéanfaí athmheastóireacht ar an smacht reachta sa Chomhairle faoi dheireadh 2019.

Ar an 16 Meán Fómhair 2019, bhí an chéad mhalartú tuairimí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta, i ndiaidh don Uachtaránacht ceistneoir a sheoladh chuig na toscaireachtaí. Ar bhonn an ionchuir a fuarthas, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí.

Ag dhá chruinniú neamhfhoirmiúla ar an 24 agus an 29 Deireadh Fómhair 2019, scrúdaigh saineolaithe téacs na ndr éachtchonclúidí ón gComhairle agus ó na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an meastóireacht a rinneadh ar an idirphlé bliantúil i ndáil leis an smacht reachta.

Ag Coreper an 6 Samhain 2019, níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir leis an dréacht atá i gceangal le 13622/19.

Níor thángthas ar chomhthoil i ndáil leis na conclúidí maidir leis an meastóireacht ar an idirphlé bliantúil faoin smacht reachta le linn an phlé a rinneadh ag an gcuinniú a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ar an 19 Samhain 2019. Mar sin féin, tháinig an Uachtaránacht ar an tuairim, go raibh 26 thoscaireacht ann a thacaigh leis an téacs atá i gceangal leis an nóta seo nó nár chuir ina choinne.

MEASTÓIREACHT AR AN IDIRPHLÉ BLIANTÚIL FAOIN SMACHT REACHTA

Á MHEABHRÚ gur aontaigh an Chomhairle ar an 15 Samhain 2016 gur cheart athmheastóireacht a dhéanamh ar an idirphlé maidir leis an smacht reachta sa Chomhairle faoi dheireadh 2019.

1. athdhearbhaímid go bhfuil na conclúidí ón gcrúinniú idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus na Ballstáit in 2014, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hurraim don smacht reachta a áirithiú, go bhfuil siad bailí go fóill;
2. athdhearbhaímid na prionsabail a liostaítear sna conclúidí ó 2014, go háirithe, oibiachtúlacht, neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann na mBallstát uile; cur chuige neamhpháirtíneach atá bunaithe ar fhianaise, gan dochar do phrionsabal na n-inniúlachtaí arna dtabhairt, mar aon le hurraim d'fhéiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát atá intuigthe sna bunstruchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla atá acu, lena n-áirítear féinrialú réigiúnach agus áitiúil, agus na feidhmeanna bunúsacha Stáit atá acu, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, ord poiblí a choinneáil agus slándáil náisiúnta a chosaint; ba cheart an cur chuige sin a thabhairt chun cinn i bhfianaise phrionsabal an chomhair dhílis;
3. athdhearbhaímid go bhforbrófar an t-idirphlé seo ar bhealach a sheachnóidh dúbláil agus a chuirfidh na hionstraimí atá ann cheana san áireamh, mar aon leis an saineolas sa réimse seo;
4. comhaontaímid go bhféadfaí, tar éis cúig bliana de thaithí, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil an chreata sin chun léiriú a thabhairt ar thiomantas na Comhairle agus na mBallstát an t-idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta a neartú a thuilleadh;
5. comhaontaímid gur sásra úsáideach é idirphlé bliantúil na Comhairle maidir leis an smacht reachta, a bunaíodh in 2014 chun an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint faoi chuimsiú na gConarthaí;
6. tugaimid dár n-aire go ndearnadh an t-idirphlé sa Chomhairle, le linn na cúig bliana roimhe seo, ar bhonn téamaí sonracha, a mhol an Uachtaránacht, agus gur in 2016 a rinneadh an chéad mheastóireacht;
7. tugaimid dá n-aire i ndáil leis an meastóireacht ar an idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta a rinneadh ag deireadh na bliana 2019, gur léiríodh mian, ar mhaithe le rannchuidiú níos fearr a dhéanamh leis an aidhm chun urraim don smacht reachta san Aontas a neartú, go mbeadh an t-idirphlé níos láidre, níos dírithe ar thorthaí agus níos struchtúrtha, agus go mbeadh na hullmhúcháin don idirphlé níos córasaí, agus go ndéanfaí obair leantach chuig a áirithiú;

8. comhaontaímid go bhféadfaí na spriocanna sin a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach trí mheasúnú bliantúil a dhéanamh ar staid na himeartha agus i ndáil leis na forbairtí is tábhachtaí maidir leis an smacht reachta, lena n-éascófaí plé cuimsitheach, ionraic, idirghníomhach a bheadh dírithe den chuid is mó ar staid an smachta reachta sna Ballstáit agus san Aontas ina iomláine, agus aird á tabhairt ar threochtaí dearfacha agus diúltacha araon;
9. tugaimid dár n-aire go gcuideodh idirphlé den chineál sin sa Chomhairle le fadhbanna an smachta reachta a chosc ar bhealach cuimsitheach agus cuiditheach trí phlé agus trí mhalartú dea-chleachtais, agus go ndéanfaí an obair leantach chuí agus leanúnachas a áirithiú;
10. comhaontaímid go bhféadfaí an measúnú bliantúil sin a bhunú ar thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin ar an smacht reachta, rud a chruthódh sineirgí idir na hinstitiúidí;
11. iarraimid ar an gCoimisiún dlúthbhaint a bheith aige leis na Ballstáit agus a thuarascáil maidir leis an smacht reachta a ullmhú agus an tuarascáil sin a fhoilsiú i bhfad roimh an idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta ón gComhairle a thionólfar sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta san fhómhar, chun go mbeidh na Ballstáit in ann tuilleadh tuairimí a thabhairt agus ullmhúchán cuí a chumasú don idirphlé;
12. comhaontaímid go bhféadfaí a áireamh san ullmhúchán don idirphlé, úsáid níos minice a bhaint as malartuithe idirghníomhacha arna n-eagrú ag an Uachtaránacht, amhail seimineáir le geallsealbhóirí ábhartha;
13. tugaimid dár n-aire gur mar obair leantach ar an idirphlé sin ag cruinniú na Comhairle Gnóthaí Ginearálta, go bhféadfaí pléití leantacha ar cheann amháin nó níos mó de na téamaí sonracha a eagrú sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, nuair a mheastar é a bheith iomchuí agus riachtanach;
14. agus aitheantas á thabhairt don ról cothrománach agus do na freagrachtaí atá ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta, a bhfuil ról lárnach aici san idirphlé, molann siad d'fhoirmíochtaí eile de chuid na Comhairle tuilleadh pléití agus pléití níos doimhne a eagrú maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta laistigh dá gcuid inniúlachta, agus ag cur san áireamh na pléití faoi chuimsiú an idirphlé, de réir mar is iomchuí;
15. tugaimid dár n-aire na pléití leanúnacha atá ar siúl i measc na mBallstát uile maidir le mionsaothrú nithiúil an nós imeachta agus na módúlachtaí a bhaineann le sásra athbhreithnithe piaraí tréimhsiúil maidir leis an smacht reachta; comhaontaímid gur cheart leanúint den obair sin, agus san am céanna dúbláil agus ualach riaracháin míchuí a sheachaint agus an comhchuibheas is gá a áirithiú;
16. déanfaimid meastóireacht, faoi dheireadh 2023, ar an taithí a gheofar bunaithe ar an idirphlé seo.